Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

# Conas a thuilleann an Banc Ceannais a chuid airgid?



Is athscríbhinn í seo den fhíseán mínithe: "Conas a thuilleann an Banc Ceannais a chuid airgid?"

Foilsíodh an físeán ar an 9 Nollaig 2019.

**Alex:** Haigh, a Tony. Lón amuigh faoin ngrian, ní féidir é a shárú.

**Tony:** Níl ann ach ceapaire sula dtugaim aghaidh ar an obair arís.

**Alex:** Seachain nach bhfaigheadh na faoileáin é i dtosach!

**Tony:** Caithfimid ar fad ár mbeatha a shaothrú.

**Alex:** Is fíor duit.

**Tony:** Ar an ábhar sin, conas a íocann sibhse sa Bhanc Ceannais as an obair a dhéanann sibh?

**Alex:** Bhuel, tá Banc Ceannais na hÉireann neamhspleách agus maoinímid ár gcuid oibre ar bhealaí éagsúla. Taispeánfaidh mé duit.

Ar nós na mbanc ceannais eile, tá neart sócmhainní infheistíochta againn, ina measc sin, tá bannaí rialtais, taiscí, ór agus sócmhainní airgeadais.

Bainistímid na hinfheistíochtaí sin go cúramach chun an toradh is fearr a fháil agus chun rioscaí a laghdú.

Eascraíonn an chuid is mó den airgead le haghaidh na hinfheistíochta sin as “tiarnas”.

**Tony:** Tiarnas. Cad é sin?

**Alex:** Focal aisteach is ea é, baineann sé leis na nótaí bainc atá agat i do phóca.

Is ioncam infheistíochta é tiarnas. Is é an difear idir an costas a bhaineann le nótaí bainc a eisiúint agus luach na nótaí bainc sin.

Tuillimid airgead ar bhealaí eile freisin.

Mar shampla, is sinne an banc don rialtas agus do bhainc eile, agus déanaimid infheistíochtaí leis na bainc cheannais eile a úsáideann an euro.

Bailímid táille rialaithe gach bliain ó bhainc agus ó ghnólachtaí rialáilte eile.

Tá an táille sin ann le cinntiú go n-íocann an tionscal airgeadais formhór na gcostas a bhaineann le maoirseacht agus rialáil.

Faoi dheireadh na bliana, ríomhaimid an brabús nó an caillteanas a dhéanaimid ar ár n-infheistíochtaí agus ar ghníomhaíochtaí eile.

De réir an dlí, is féidir linn 20% den bhrabús a choimeád. Leis an 20% sin, íocaimid as ár gcuid oibre agus agus cuirimid lenár dtaiscí.

**Tony:** Agus cad a tharlaíonn don 80% eile?

**Alex:** Íocaimid an t-airgead sin don rialtas agus téann sé chun leasa mhuintir na hÉireann.

Ar bhealach Tony, téann sé ar ais chugatsa.

**Tony:** Sin bealach suimiúil le do bheatha a shaothrú.